EOLAÍ



GLUAIS

Eolaí

Is duine é/í a dhéanann na rudaí seo

- cuireann sé/sí ceisteanna faoin domhan
- déanann iarracht freagraí a fháil trí thurgnaimh a dhéanamh agus rudaí nua a aimsiú.

Tá eolaithe cosúil le bleachtairí:

- féachann siad go grinn ar rudaí
- smaoiníonn siad ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí
- lorgann siad leideanna chun rudaí a thuiscint, ó chealla beaga go pláinéid ollmhóra!

Cabhraíonn siad linn rudaí nua a fhoghlaim faoin domhan.

Duine a chuireann ceisteanna agus a dhéanann turgnaimh chun an domhan a thuiscint

GLUAIS

Éabhlóid

Na hathruithe a thagann ar rudaí beo thar thréimhse an-fhada chun cabhrú leo maireachtáil níos fearr.

Smaoinigh ar ainmhithe nó ar phlandaí ag athrú diaidh ar ndiaidh thar na milliúin bliain.

Cabhraíonn na hathruithe seo leo maireachtáil ina dtimpeallacht

- chun bia a fháil, nó
- chun fanacht sábháilte.



Na hathruithe a thagann ar rudaí beo thar thréimhse an-fhada

GLUAIS

Géinitic

An eolaíocht a mhíníonn dúinn conas a chuirtear tréithe ar aghaidh ó thuismitheoirí chuig a leanaí.

Faigheann tú cuid de do thréithe ó do mham agus cuid eile ó do dhaid.

Socraíonn siad rudaí ar nós

- dath do shúl
- cineál do chuid gruaige
- na rudaí a bheidh tú go maith acu.

Géinte an t-ainm atá ar na rudaí beaga i do chorp a shocraíonn na tréithe seo. Tá géinte cosúil le paicéid bheaga eolais atá i ngach rud beo.



Conas a chuirtear tréithe ar aghaidh ó thuismitheoirí chuig a leanaí

GLUAIS

ADN

Tá sé cosúil le cód speisialta atá i ngach rud beo, ag insint dó conas fás, conas breathnú agus conas obriú.

Tá ADN déanta as píosaí beaga a théann le chéile ar bhealach áirithe. Socraíonn na píosaí seo rudaí ar nós

- dath do shúl,
- cé chomh hard agus a bheidh tú,
- na bianna a thaitníonn leat.

Tá sé ar fáil i ngach cill i do chorp. Cé go bhfuil ADN againn go léir, tá ADN gach duine beagán difriúil, agus sin an fáth nach bhfuil aon bheirt mar an gcéanna!



Aigéad di-ocsairibeanúicléasach (ADN)

Cód speisialta atá i ngach rud beo

GLUAIS

Giosta

Is rud beo é giosta. Tá sé beag bídeach. Ní féidir leat é a fheiceáil gan mhicreascóp!

Úsáidtear giosta chun cuid den bhia is fearr linn a dhéanamh, arán agus taos píotsa, mar shampla.

Nuair a mheascann muid giosta le huisce te agus beagáinín siúcra, "dúisíonn" an giosta agus tosaíonn sé ag ithe an tsiúcra. De réir mar a itheann sé, cruthaíonn sé bolgóidí gáis. Ardaíonn an t-áran agus an taos mar gheall ar na bolgóidí seo, rud a fhágann go bhfuil an t-áran bog agus séidte!

Rud beo a úsáidtear chun arán a dhéanamh

GLUAIS

Bianna Scamhardacha

Seo bianna atá go maith don chorp. Cabhraíonn na bianna seo leat chun fás agus chun fanacht sláintiúil.

Tá sé ar nós breosla do do chorp, ar nós an chaoi a dteastaíonn peitreal nó díosal ó charr chun rith.

Nuair a itheann tú bianna scamhardacha, torthaí, glasraí, agus gránaigh iomlána, mar shampla, tá tú ag tabhairt na vitimíní, na mianraí agus an fhuinneamh a theastaíonn ó do chorp le bheith slántiúil.

Tá siad go maith don chorp (Cothaitheach)

GLUAIS

Próitéin

Tá sé ar nós bloic thógála

- do na matáin,
- do na cnámha,
- don craiceann,
- don ghruaig!

Nuair a itheann tú próitéin, úsáideann do chorp í chun

- fás
- matáin a dhéanamh níos láidre,
- cabhrú le gearrthacha cneasú níos tapúla.

Faigheann tú próitéin ó bhia mar fheoil, iasc, uibheacha, pónairí, agus cnónna.



Bloic thógála do bhaill éagsúla an choirp

GLUAIS

Caomhnaíonn / Caomhnú

Aire a thabhairt don dúlra (uisce, crainn, ainmhithe, agus aer) ionas go mairfidh sé ar feadh i bhfad agus go bhfanfaidh sé sláintiúil.

Ciallaíonn caomhnú uisce ná go n-úsáidfimid go cúramach é agus gan gcuirimid amú é, ionas go mbeidh dóthain ann do gach duine.

Ciallaíonn caomhnú foraoisí gan an iomarca crann a ghearradh síos ionas go mbeidh gnáthóga ag na hainmhithe agus go gcoinneoimid an t-aer glan.

Aire a thabhairt don dúlra

GLUAIS

Acmhainní Nádúrtha

Faighimid iad dúlra, cabhraíonn siad linn maireachtáil agus déanann muid rudaí astu nuair a theastaíonn rudaí uainn.

- Crainn - tugann siad adhmad dúinn chun rudaí a thógáil agus páipéar dúinn le scríobh air.
- uisce - úsáidimid é le haghaidh óil, cócaireachta, agus glantacháin.
- solas na gréine - cabhraíonn le plandaí fás agus a thugann sé fuinneamh dúinn.

Samplaí eile ná ithir agus miotail ar nós iarann agus ór a thagann ón talamh.

Is rudaí iad a fhaighimid ón dúlra

GLUAIS

Éiceabhách /Éiceabhaí

Rudaí a dhéanamh nach ndéanann dochar don dúlra. Baineann sé le roghanna a dhéanamh a choinníonn an timpeallacht glan agus sábháilte do ainmhithe, do phlandaí, agus do dhaoine.

Mar shampla,

- buidéal uisce agus mála siopadóireachta in-athúsáidte a úsáid in ionad cinn plaisteach toisc go gcruthaíonn sé níos lú dramhaíola.
- rothaíocht nó siúl in ionad dul sa charr toisc nach gcuireann sé an oiread truaillithe san aer.

Rudaí a dhéanamh nach ndéanann dochar don dúlra